Bord Stiúrtha Ghlór na nGael
14 Nollaig 2018
4.00 i.n.

Óstán Darnley Lodge
Baile Átha Buí
Co na Mí

Achoimre ar mhiontuairiscí an chruinnithe

I láthair: an tUas Pat Carey, (Cathaoirleach), an tAthair Séamas Ó hÉanaigh, an tAthair Tadhg Furlong, an Dr Máire Ní Chíosáin, an Dr Máire Ní Annracháin,
Ag freastal: Lorcán Mac Gabhann (Ceannasaí), Seán Ó hAdhmaill (Mír 8), Eoghan Mac Cormaic (Miontuairiscí)

Rinne Seán Ó hAdhmaill **cur i láthair ar an gcóras taifead agus bainistiú eolais, Salesforce.** Míníodh gur roghnaíodh an córas seo le héilimh an Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí (CII) maidir le bailiú eolais i dtreo luach ar airgid a chinntiú.
Aontaíodh go ndéanfadh Seán Ó hAdhmhaill cur i láthair níos cuimsithí ag an chéad chruinniú eile.

Rinneadh **cur i láthair ar obair reatha an CII** agus ghabh an chaothaoirleach a bhuíochas le baill an choiste.

Rinne an Ceannasaí cur i láthair ar shraith chruinnithe abhí aige leis an bhfoireann. Chuir sé na cruinnithe i gcomhthéacs athraithe atá tarlaithe san earnáil dheonach Ghaeilge le blianta beaga anuas. Rinne an Ceannasaí na moltaí seo a leanas;

Moladh go mbeadh dhá mór-rannóg oibre - Forbairt Ghaeilge sa Phobail agus Forbairt Ghaeilge sa Teaghlach agus dhá fhoireann ar leith ag plé leis an dá rannóg.
Moladh go mbeadh rannóg for-rochtain ag feidhmiú freisin.
Moladh go mbeadh níos lú béime ar chruinnithe le coistí agus níos mó béime ar fhorbairt Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha.

Chuir an Ceannasaí dréacht Plean Oibre 2019 os comhar an Bhoird Stiúrtha agus déanfar é a phlé ag an gcéad chruinniú eile. Mhínigh sé freisin go raibh moladh á fhorbairt ag an bhfoireann a dhéanfadh athrú cuimsitheach ar chomórtas Ghlór na nGael ach é a bheith ceadaithe ag an mBord. Beidh dréacht mholadh réidh don chéad chruinniú eile.

Cuireadh **Ráiteas Caiteachais agus Ioncaim** Eanáir go Samhain 2019 os comhar an Bhoird agus glacadh leis.

Thug an leas-Cheannasaí uasdátú ar leasaithe don **Chlár Riosca** a rinneadh ag an CII agus roinneadh cóip ar an mBord.

Roinn an Ceannasaí tuairisc ar bhaint amach spriocanna 2018. Léiríodh go raibh formhór na spriocanna bainte amach go sásúil.

Thug an Leas-Cheannasaí tuairisc ar stair na cáipéise, **I dTreo Stráitéis Fiontraíochta,** don Bhord. Mhol sé go dtacódh Bord Stiúrtha Ghlór na nGael leis an gcáipéis mar Stráitéis agus go mbeadh tuairiscí ar fheidhmíu na stráitéise os comhar an Bhoird ó am go chéile amach anseo. Ghlac an Bord leis an moladh.

Léiríodh **físeáin nua mhargaíochta** do ghnónna, ullmhaithe le linn an tsamhraidh agus a seoladh ag an Oireachtas, don Bhord Stiúrtha

Faomhadh liosta na gclubanna a bhí ag fáil deontas agus an luach a bhain leo mar chuid do **Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha (**FSMhicD**).**

Faomhadh liosta buaiteoirí boinn mar chuid de **FSMhicD**

Cuireadh **iarratas ar dheontais 2019 an CLG** do FSMhicD os comhar an chruinnithe agus glacadh leis.

Cuireadh **iarratas ar dheontais 2019 na Roinne Oideachais agus Scileanna** os comhar an chruinnithe agus glacadh leis.

Scaipeadh cóip de dhréacht **mheamram chomhthuisceana le Cumann na bhFiann** ar an mBord agus glacadh leis.

Cuireadh liosta ócáidí teaghlaigh na Nollag, agus imeachtaí eile, os comhar an Bhoird. Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis an bhfoireann as a díograis.

Aontaíodh ar dhátaí cruinnithe an Bhoird Stiúrtha don bhliain 2019 mar seo a leanas;

1 Feabhra 2019, 3.00 i.n. Cruinniú Boird, Ráth Chairn
29 Márta 2019, 3.00 i.n. Cruinniú Boird, Ráth Chairn
24 Bealtaine 2019, 3.00 i.n. Cruinniú Boird, Ráth Chairn
24 Bealtaine 2019, 4.00 i.n. Cruinniú Cinn Bliana, Ráth Chairn
19 Iúil 2019, 3.00 i.n. Cruinniú Boird, Ráth Chairn
27 Meán Fómhair 2019, 3.00 i.n. Cruinniú Boird, Ráth Chairn
29 Samhain 2019, 3.00 i.n. Cruinniú Boird, Ráth Chairn